Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 14 Samhain 2025
(OR. en)

PUBLIC

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2025/0295 (NLE)**

**14620/25**
**ADD 2**

**LIMITE**

**ENV 1125**
**WTO 100**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh ag an 20ú cruinniú de Chomhdháil na bPáirtithe sa Choinbhinsiún maidir le Trádáil Idirnáisiúnta i Speicis Fána agus Flóra Fiáine i mBaol (CoP20 CITES) (Samarkand na hÚisbéiceastáine, an 24 Samhain – an 5 Nollaig 2025)<br>- Iarscríbhinn 2 |

**IARSCRÍBHINN 2**

PUBLIC

**Seasamh an Aontais maidir le tograí áirithe a cuireadh faoi bhráid an 20ú cruinniú de Chomhdháil na bPáirtithe sa Choinbhinsiún maidir le Trádáil Idirnáisiúnta i Speicis Fána agus Flóra Fiáine i mBaol (CITES)**

**(Samarkand na hÚisbéiceastáine, an 24 Samhain - an 5 Nollaig 2025)**

| | |
|---|---|
| '+' | comhartha lena léirítear go bhfuil tacaíocht le tabhairt |
| '–' | comhartha lena léirítear nach bhfuil tacaíocht le tabhairt |
| '0' | comhartha lena léirítear go bhfuil seasamh oscailte á ghlacadh mar gheall ar easpa faisnéis leordhóthanach chun seasamh a ghlacadh |
| '(+)' | comhartha lena léirítear go bhfuil tacaíocht le tabhairt, ach go mbraitheann sé sin ar fhaisnéis bhreise a bheith ar fáil agus/nó ar leasuithe ar an togra |
| '(-)' | comhartha lena léirítear nach bhfuil tacaíocht le tabhairt, a athbhreithneofar má chuirtear fianaise thacaíochta bhreise ar fáil agus/nó má dhéantar leasú mór ar an togra |

## 1. DOICIMÉID OIBRE

| **Uimhir** | **Mír ar an gclár oibre** | **Moltóir**[1] | | **Seasamh** |
|---|---|---|---|---|
| Searmanas oscailte | | | *Gan doiciméad* | |
| Aithisc fáilte | | | *Gan doiciméad* | |
| **Ábhair maidir le riarachán agus airgeadas** | | | | |
| 1. | Cathaoirleach agus Leas-Chathaoirleach an chruinnithe agus Cathaoirligh Choistí I agus II a **thoghadh** | | *Gan doiciméad* | |

[1] Rún. = Rúnaíocht CITES
BC = An Buanchoiste
CA = An Coiste um Ainmhithe
CP = An Coiste um Plandaí

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| 2. | An **clár oibre** a ghlacadh<br>CoP20 Doic. 2 | An Rúnaíocht | | |
| 3. | An **plean oibre** a ghlacadh | | | |
| 4. | **Rialacha Nós Imeachta Chomhdháil na bPáirtithe** | | Tacú le leasuithe ar Riail 25.6 agus ar an dréachtchinneadh chun leanúint den phlé ar an gcur chuige céim ar chéim. | + |
| 5. | An Coiste **um Dhintiúir** | | | |
| | 5.1 An Coiste um Dhintiúir a bhunú | | *Gan doiciméad* | |
| | 5.2 Tuarascáil ón gCoiste um Dhintiúir | | *Gan doiciméad* | |
| 6. | **Breathnóirí** a ligean isteach | | | |
| 7. | **Riarachán, maoiniú agus buiséad** na Rúnaíochta agus chruinnithe Chomhdháil na bPáirtithe | | | |

PUBLIC

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| | 7.1 | Riarachán na Rúnaíochta | An Rúnaíocht | | |
| | 7.2 | Tuarascáil ó Stiúrthóir Feidhmiúcháin UNEP maidir le cúrsaí riaracháin agus eile | UNEP | | |
| | 7.3 | Tuarascálacha airgeadais le haghaidh 2023-2025 | | | |
| | 7.4 | Buiséad agus plean oibre le haghaidh 2026 go 2028 | | | |
| | 7.5 | Socruithe le haghaidh chruinnithe Chomhdháil na bPáirtithe | | | |
| 8. | Téarmaí tagartha an Fhochoiste Airgeadais agus Buiséid CoP20 Doic.8 | | BC | | |

PUBLIC

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| 9. | Saincheisteanna oibríochtúla atá ag teacht chun cinn maidir leis na Coistí CoP20 Doic. 9 | BC | Tacú leis na leasuithe ar Rún Comhdhála 18.2 agus tacú le scriosadh Chinntí 19.1 go 19.3. Tacú leis na leasuithe ar Rún Comhdhála 18.2 agus tacú le scriosadh Chinntí 19.1 go 19.3. Níor cheart tacú le haon athruithe breise ar an togra a mbeadh tionchar suntasach acu ar acmhainní na Rúnaíochta. | (+) |
| 10. | Rochtain ar chistiú | | | |
| 11. | Tionscadal na dtoscairí urraithe COP20 Doic. 11 | Rúnaíocht i gcomhairle le BC | Tacú leis na leasuithe ar Rún Comhdhála 17.3 (Ath. COP19) agus tacú le scriosadh Chinntí 18.12 agus 19.10. | + |

PUBLIC

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Ábhair straitéiseacha** | | | | | | |
| 12. | Tuarascálacha agus moltaí ón g**Coiste** | | | | | |
| | 12.1 | An ***Buan***choiste | | | | |
| | | 12.1.1 | Tuarascáil ón gCathaoirleach CoP20 Doic. 12.1.1 | BC | *Níl gá le haon chinneadh* | |
| | | 12.1.2 | Comhaltaí réigiúnacha nua agus comhaltaí réigiúnacha malartacha a thoghadh | | *Gan doiciméad* | |
| | 12.2 | An Coiste um ***Ainmhithe*** | | | | |
| | | 12.2.1 | Tuarascáil ón gCathaoirleach COP20 Doic. 12.2.1 | CA | An tuarascáil a thabhairt faoi deara agus tacú leis na moltaí. | + |
| | | 12.2.2 | Comhaltaí réigiúnacha nua agus comhaltaí réigiúnacha malartacha a thoghadh | | *Gan doiciméad* | |
| | 12.3 | An Coiste um ***Plandaí*** | | | | |
| | | 12.3.1 | Tuarascáil ón gCathaoirleach CoP20 Doic. 12.3.1 | CP | *Níl gá le haon chinneadh* | |
| | | 12.3.2 | Comhaltaí réigiúnacha nua agus comhaltaí réigiúnacha malartacha a thoghadh | | *Gan doiciméad* | |

PUBLIC

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| 13. | **Fís Straitéiseach** CITES<br>CoP20 Doic. 13 | BC | Tacú leis na leasuithe ar Rún Comhdhála 16.4 agus 18.3 agus le scriosadh Chinntí 19.11 go 19.13.<br>Iarratas a dhéanamh chun síneadh a chur le Cinneadh 19.14 chun táscaire breise níos tábhachtaí a shainaithint.<br>Tagairtí comhsheasmhacha a chur le comhaontú BBNJ. | (+) |
| 14. | Obair agus éifeachtúlacht an Choinbhinsiúin a fheabhsú trí na buanchoistí CoP20 Doic. 14 | BC, CA, CP | Tacú le meitheal idirsheisiúnach a bhunú chun tosaíocht a thabhairt d'obair na gcoistí. | + |
| 15. | Ról CITES maidir leis an riosca a laghdú go dtiocfaidh galair zónóiseacha chun cinn amach anseo, ar riosca é a bhaineann le trádáil idirnáisiúnta fiadhúlra | | | |

PUBLIC

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| | 15.1 | Tuarascáil ón mBuanchoiste CoP20 Doic. 15.1 | BC | Tacú leis na dréachtchinntí agus roinnt modhnuithe ar Chinneadh 20.BB a mholadh an tráth céanna chun obair CA a mhaolú. | (+) |
| | 15.2 | Aon Sláinte Amháin agus CITES: Rioscaí do shláinte an duine agus do shláinte ainmhithe a bhaineann le trádáil i speicis atá liostaithe ag CITES a laghdú CoP20 Doic. 15.2 | an tSeineagáil | Gan tacú leis an dréachtrún, a théann níos faide ná sainordú CITES. | - |
| 16. | **Comhar** | | | | |
| | 16.1 | Comhar le Comhaontuithe Comhshaoil Iltaobhacha agus le heagraíochtaí idirnáisiúnta eile CoP20 Doic.16.1 | BC | Tacú leis na leasuithe ar Rún Comhdhála 16.4 agus ar dhréachtchinntí. Mar sin féin, aithris nua a mholadh ina dtagraítear do chomhaontú BBNJ. | (+) |

PUBLIC

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| | 16.2 | Comhoibriú leis an Straitéis Dhomhanda um Chaomhnú Plandaí<br>CoP20 Doic. 16.2 | BC | Tacú leis na leasuithe ar Rún Comhdhála 16.5 agus le scriosadh Chinntí 19.22 agus 19.23. | + |
| | 16.3 | An tionscnamh comhpháirteach CITES-CSI Tionscnamh um Fheoiliteoirí Afracacha<br>CoP20 Doic. 16.3 | CA i gcomhairle le BC | Tacú leis na leasuithe ar na cinntí athbhreithnithe agus le glacadh na ndréachtchinntí. | + |
| | 16.4 | An Cuibhreannas Idirnáisiúnta um Choireacht Fiadhúlra a Chomhrac<br>CoP20 Doic. 16.4 | An Rúnaíocht | Tacú le glacadh dhréacht-Chinneadh 20.AA agus le scriosadh Chinntí 19.26 agus 19.27. | + |
| | 16.5 | Comhar leis an Ardán Idir-Rialtasach maidir le Beartas Eolaíochta um Sheirbhísí Bithéagsúlachta agus Éiceachórais<br>CoP20 Doic. 16.5 | BC | Tacú leis na dréachtchinntí agus le scriosadh Chinntí 19.28 agus 19.29. | + |

PUBLIC

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| 17. | **Tuarascáil maidir leis an trádáil dhomhanda i bhfiadhúlra**<br>CoP20 Doic. 17 | BC | Tacú leis na dréachtchinntí agus roinnt mionathruithe ar mhaithe le soiléireacht a mholadh an tráth céanna._Ina theannta sin, cinneadh nua a mholadh lena n-iarrfar ar Pháirtithe aiseolas a thabhairt maidir leis an achoimre ar an Tuarascáil Forléargais. Tacú le scriosadh Chinntí 19.30 agus 19.31. | (+) |
| 18. | **CITES agus foraoisí**<br>CoP20 Doic. 18 | Rúnaíocht i gcomhairle le BC | Tacú le dréachtchinntí má leasaítear iad chun go mbeidh bearta a bheidh ann amach anseo coinníollach ar athbhreithniú ar an tuarascáil ón gCoiste um Plandaí. | (+) |
| 19. | **Straitéis teanga i gcomhair an Choinbhinsiúin**<br>CoP20 Doic.19 | BC | Tacú leis an ngníomh atá beartaithe agus le leasuithe ar Chinntí 19.38 agus 19.39. | + |

PUBLIC

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **Fothú acmhainneachta** | | | | |
| 20. | **Creat fothaithe acmhainneachta**<br>CoP20 Doic. 20 | BC | Tacú leis na leasuithe ar na cinntí. | + |
| 21. | **Clár Cúnaimh maidir le Comhlíontacht**<br>CoP20 Doic. 21 | BC | Tacú leis na dréachtchinntí agus le scriosadh Chinntí 19.44 go 19.46. | + |
| 22. | **Athbhreithniú uile-tíre ar Thrádáil Mhór**<br>CoP20 Doic. 22 | BC | Tacú leis na dréachtchinntí agus le scriosadh Chinntí 19.47 agus 19.48. | + |
| 23. | **Clár um speicis crann CITES**<br>CoP20 Doic. 23 | An Rúnaíocht | Tacú leis an gcinneadh agus le scriosadh Chinntí 19.49 agus 19.50. | + |
| **CITES agus daoine** | | | | |
| 24. | **Lá Domhanda an Fhiadhúlra de chuid na Náisiún Aontaithe**<br>CoP20 Doic. 24 | An Rúnaíocht | *Níl gá le haon chinneadh* | |

PUBLIC

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| 25. | **Plean gníomhaíochta inscne CITES**<br>CoP20 Doic. 25 | BC | Tá sé tábhachtach don Aontas róil a bhaineann le hinscne a aithint i gcaomhnú fiadhúlra. Tacú leis go dtabharfar aghaidh ar na saincheisteanna a bhaineann le hinscne go héifeachtach. Sásta féachaint ar roghanna eile chun cur chun feidhme Rún Comhdhála 19.3 a neartú maidir le hInscne agus trádáil idirnáisiúnta i bhfána agus flóra fiáine. | (+) |
| 26. | **Líonra Domhanda na hÓige CITES**<br>CoP20 Doic. 26 | An Afraic Theas, Cósta Ríce, Cuáit, Gána, na hOileáin Fhilipíneach a, Singeapór, an tSaimbia, an tSín, an tSiombáib agus an tSúdáin | Tacú leis na leasuithe ar Rún Comhdhála 17.5. | + |

PUBLIC

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| 27. | **Rannpháirteachas na bpobal dúchasach agus na bpobal áitiúil**<br>CoP20 Doic. 27 | BC | Is díol sásaimh an treoir neamhcheangailteach mar bhonn maith chun tuilleadh plé a dhéanamh, agus béim á leagan gur fearr aghaidh a thabhairt ar an rannpháirteachas sin ar an leibhéal náisiúnta. Tacú le moltaí (b)–(d). Maidir le moladh (a) gan seasamh. | 0 |
| 28. | **Dréachtrún maidir le Fochoiste comhairleach den Bhuanchoiste um Dhaoine atá ag Maireachtáil in éineacht le speicis Flóra agus Fána a chruthú, mar a áirítear i bhFoscríbhinní CITES, mar aon le Ciste Saorálach gaolmhar, agus a nósanna imeachta**<br>COP20 Doic. 28 | An tSiombáib | Gan tacú le bunú an fhochoiste atá beartaithe. | - |

PUBLIC

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| 29. | **Slite Beatha** | | | | |
| | 29.1 | Tuarascáil ón mBuanchoiste COP20 Doic. 29.1 | BC | Tacú leis an méid a scriosadh i Rún Comhdhála 16.6; gan tacú leis an tagairt do na 6 straitéis; tacú go coinníollach le gnéithe áirithe de dhréachtchinntí áirithe le leasuithe chun ailíniú le sainordú CITES; tacú le scriosadh na gcinntí ábhartha a cuireadh chun feidhme. | (-) |
| | 29.2 | Doiciméad ón tSaimbia CoP20 Doic. 29.2 | An tSaimbia | Gan tacú leis na leasuithe ar Rún Comhdhála 16.6 agus scaipeadh na treorach. | - |
| 30. | **Cearta an duine, slite beatha agus slándáil bia a chomhtháthú i gcur chun feidhme CITES** CoP20 Doic. 30 | | An tSiombáib | Gan tacú leis an dréachtrún atá beartaithe, a théann níos faide ná sainordú CITES. | - |

PUBLIC

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| 31. | **A éileamh go ndéanfar laghdú** chun trádáil neamhdhleathach a chomhrac<br>CoP20 Doic. 31 | BC | Tacú leis na dréachtchinntí agus le scriosadh Chinntí 19.55 go 19.57. | + |
| **Rúin agus Cinntí atá déanta cheana** | | | | |
| 32. | **Athbhreithniú ar Rúin**<br>CoP20 Doic. 32 | An Rúnaíocht | Tacú leis na leasuithe ar na Rúin agus ar an dréachtchinneadh. | + |
| 33. | **Athbhreithniú ar Chinntí**<br>CoP20 Doic. 33 | An Rúnaíocht | Tacú leis na leasuithe ar an Rún, le scriosadh na gcinntí a cuireadh chun feidhme agus le Cinntí 19.71 go 19.73 maidir le paileasandair Mhalagásacha, éabainn Mhalagásacha agus rósadhmaid Mhalagásacha agus 17.256 maidir le pearóidí liatha Afracacha, a choinneáil ar bun. | (+) |

PUBLIC

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| **Comhlíontacht** | | | | | |
| 34. | **Dlíthe náisiúnta lena gcuirtear an Coinbhinsiún chun feidhme**<br>CoP20 Doic. 34 | | An Rúnaíocht | Tacú le moladh (a) na dréachtchinntí atá in Iarscríbhinn 1 a ghlacadh agus le moladh (c) Cinntí 19.58 go 19.62 a scriosadh. Gan tacú le moladh 38(b) maidir le Treoir a fhoilsiú agus athbhreithniú ar an Treoir ón mBuanchoiste a mholadh. | (+) |
| 35. | **Ábhair maidir le comhlíontacht** | | | | |
| | 35.1 | Cur chun feidhme Airteagal XIII agus Rún Comhdhála 14.3 (Ath. CoP19) maidir le nósanna imeachta comhlíontachta CITES<br>CoP20 Doic. 35.1 | An Rúnaíocht | Tacú go ginearálta leis na moltaí ós rud é go bhfuil an chéad mheasúnú dearfach ach go bhfuil gá le tuilleadh anailísí. | (+) |

PUBLIC

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| | 35.2 | Athbhreithniú ar phróiseas na bPleananna Gníomhaíochta Náisiúnta maidir le hEabhar<br>CoP20 Doic. 35.2 | BC | Tacú leis na leasuithe ar Rún Comhdhála 10.10 agus ar na dréachtchinntí. Tacú le scriosadh Chinntí 19.68 go 19.70. | + |
| | 35.3 | Tótuába (*Totoaba macdonaldi*)<br>CoP20 Doic. 35.3 | An Rúnaíocht | Tacú leis na dréachtchinntí agus le scriosadh na gcinntí a cuireadh chun feidhme. Moladh a chur isteach chun amharcshuirbhé bliantúil a dhéanamh ar mhuc mhara na Murascaille. | (+) |
| 36. | **Athbhreithniú ar fhorálacha Rún Comhdhála 17.7 (Ath. COP19) maidir le *hAthbhreithniú ar thrádáil in eiseamail ainmhithe a thuairiscítear mar eiseamail a táirgeadh i mbraighdeanas***<br>CoP20 Doic. 36 | | BC | Tacú leis an gcinneadh atá beartaithe agus leis na leasuithe ar Rún Comhdhála 17.7. Tacú le scriosadh Chinntí 19.63 go 19.65. | + |

PUBLIC

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| 37. | **Seilbh eiseamal speiceas atá san áireamh i bhFoscríbhinn I**<br>CoP20 Doic. 37 | BC. | Gan tacú le moltaí (a) agus (b) toisc go bhfuil siad i gcoinbhleacht le hAirteagal VIII den Choinbhinsiún. Tacú leis na leasuithe ar Rún Comhdhála 8.4 agus le scriosadh na gcinntí ábhartha a cuireadh chun feidhme. | (-) |
| **Trádáil neamhdhleathach agus forfheidhmiú** | | | | |
| 38. | **Athbhreithniú ar Rún Comhdhála** 11.3 (Ath. CoP19) maidir le *Comhlíontacht agus forfheidhmiú*<br>CoP20 Doic. 38 | BC | Tacú leis na leasuithe ar Rún Comhdhála 11.13 agus le scriosadh na gcinntí ábhartha a cuireadh chun feidhme. | + |
| 39. | **Cúrsaí forfheidhmithe**<br>CoP20 Doic. 39 | An Rúnaíocht | Tacú go ginearálta leis na moltaí. | (+) |
| 40. | **Tacaíocht don fhorfheidhmiú i ndáil le coireacht fiadhúlra san Afraic Thiar agus Láir**<br>CoP20 Doic. 40 | BC | Tacú leis na dréachtchinntí arna leasú ag an Rúnaíocht agus le scrios na gcinntí a cuireadh chun feidhme. | + |

PUBLIC

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| 41. | **Tascfhórsa CITES um Chait Mhóra**<br>CoP20 Doic. 41 | BC | Tacú leis na dréachtchinntí agus le scriosadh Chinntí 19.92 agus 19.93. | + |
| 42. | **Cur chun feidhme na moltaí tosaíochta ón athbhreithniú ar Chlár ETIS**<br>CoP20 Doic. 42 | BC | Tacú go ginearálta le hathnuachan Chinntí 19.94 go 19.96 agus le glacadh an dréachtchinnidh bhunaidh (seachas an ceann arna leasú ag an Rúnaíocht). Mar sin féin, d'fhéadfadh gá a bheith le modhnú áirithe chun cur chuige comhleanúnach a áirithiú i leith na ndoiciméad uile a bhaineann le ETIS, agus barúlacha na Rúnaíochta á gcur san áireamh freisin. | (+) |

PUBLIC

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| 43. | **Catagóiriú na bPáirtithe ETIS**<br>CoP20 Doic. 43 | BC | Tacú go ginearálta le glacadh na gcritéar atá le húsáid i gCéim 1 mír (a) de na Treoirlínte do Phróiseas NIAP. Mar sin féin, d'fhéadfadh sé go mbeadh gá le mionchoigeartú breise ar na critéir agus ar na soiléirithe, go háirithe chun cineál ceangailteach na gcritéar a áirithiú. Thairis sin, a áirithiú gur cheart faisnéis chomhthéacsúil a úsáid freisin mar chuid den phróiseas catagóirithe toisc nach n-áirítear í sna moltaí faoi láthair. Tá na critéir eisiaimh i mír 13 (a) as dáta agus ba cheart iad a thabhairt cothrom le dáta agus an méid seo a leanas a chur in ionad a bhfuil ann faoi láthair: 'Ba cheart na critéir eisiaimh arna dtreorú ag na | (+) |

PUBLIC

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | | | sonraí nuashonraithe ETIS is déanaí arna n-athbhreithniú ag MIKE-ETIS TAG, a chur i bhfeidhm in anailísí ETIS.' | |
| 44. | **Urghabhálacha eabhair** agus margaí eabhair intíre<br>CoP20 Doic. 44 | BC | Tacú le scriosadh Chinntí 19.99 go 19.101. | + |
| 45. | Trádáil neamhdhleathach i **síotaí** (*Acinonyx jubatus*)<br>COP20 Doic. 45 | BC | Tacú leis na dréachtchinntí agus le scriosadh na gcinntí a cuireadh chun feidhme. | + |
| 46. | **Turtair mhara** (*Cheloniidae spp*. agus *Dermochelyidae spp*.)<br>COP20 Doic. 46 | BC | Tacú leis na leasuithe ar Rún Comhdhála 19.5. Tacú le scriosadh an chinnidh a cuireadh chun feidhme. | + |

PUBLIC

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| 47. | **Toirtísí agus turtair fionnuisce** (*Testudines spp.*) | | | | |
| | 47.1 | Tuarascáil ón mBuanchoiste agus ón Rúnaíocht<br>CoP20 Doic. 47.1 | | Tacú go ginearálta le glacadh an leasaithe ar Rún Comhdhála 11.9 (Ath. COP18) agus tacú le scriosadh Chinntí 19.123 go 19.127.<br><br>Tacú go ginearálta leis an leagan athbhreithnithe agus comhdhlúite de na dréachtchinntí arna n-ullmhú ag an Rúnaíocht i ndoiciméad 47.2 faoi Bharúlacha na Rúnaíochta. | (+) |

PUBLIC

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| | 47.2 | Trádáil i dtoirtísí agus i dturtair fionnuisce ó Mhadagascar<br>CoP20 Doic. 47.2 | AE | Tacú leis an leagan athbhreithnithe agus comhdhlúite de na dréachtchinntí arna n-ullmhú ag an Rúnaíocht faoi Bharúlacha na Rúnaíochta. | + |
| **Rialáil na trádála** | | | | | |
| 48. | Togra chun **Rún Comhdhála 12.3** (Ath. COP19)<br>CoP20 Doic. 48 | | | Gan tacú leis na leasuithe ar Rún Comhdhála 12.3. Chruthófaí nósanna imeachta tónáisteacha breise leis na leasuithe agus dhéanfaí difear do chearta na bPáirtithe chun bearta intíre níos déine a bhunú. | - |

PUBLIC

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| 49. | **Torthaí na héadála dlíthiúla**<br>CoP20 Doic. 49 | An Rúnaíocht arna iarraidh sin ag BC | Gan tacú le moladh 24(c) toisc nach féidir tacú leis na treoirlínte ina bhfoirm reatha. Go háirithe, beidh sainmhíniú cuí ar an téarma 'stoc bunaitheora' riachtanach trí leasú ar an Rún/na Rúin ábhartha, má mheasann na Páirtithe gur gá sin, sula n-áireofar é sna treoirlínte.<br>Tacú le glacadh na ndréachtchinntí agus na leasuithe ar Iarscríbhinní 1 agus 3 a ghabhann le Rún Comhdhála 18.7 mar a mholtar faoi mholadh 24(a) agus (b).<br>Tacú leis na cinntí a cuireadh chun feidhme a scriosadh, arna moladh faoi mholadh 24(d). | (-) |

PUBLIC

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| 50. | **Cinntí Neamhdhíobhála**<br>CoP20 Doic. 50 | CA, CP | Tacú le glacadh na ndréachtchinntí agus le scriosadh na gcinntí a cuireadh chun feidhme. | + |
| 51. | **Cinntí neamhdhíobhála** maidir le heiseamail de speicis Fhoscríbhinn II a thógtar ó limistéir lasmuigh den dlínse náisiúnta<br>CoP20 Doic. 51 | BC | Tacú le glacadh na ndréachtchinntí agus le scriosadh na gcinntí a cuireadh chun feidhme. Tugtha faoi deara, áfach, nach féidir tacú le dréachtchinneadh 20.BB i nDoic. 52. | (+) |
| 52. | **Tabhairt isteach ón bhfarraige**<br>CoP20 Doic. 52 | BC | Tacú le glacadh na ndréachtchinntí atá beartaithe seachas 20BB (athruithe ar Rún Comhdhála 14.6). Maidir le dréachtchinneadh 20BB, cur i gcoinne athoscailt an rúin.<br>Tacú le scriosadh na gcinntí a cuireadh chun feidhme. | (+) |

PUBLIC

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| 53. | Ábhair chun eiseamail de speicis atá liostaithe ag CITES **a shainaithint**<br>CoP20 Doic. 53 | CA, CP | Tacú leis na cinntí agus le scriosadh na gcinntí a cuireadh chun feidhme. | + |
| 54. | **Adhmad** agus táirgí adhmaid eile **a shainaithint**<br>CoP20 Doic. 54 | BC | Tacú leis na hathbhreithnithe ar Chinntí 19.146 go 19.148 agus leis an dréacht-Chinneadh nua 20.AA. | + |
| 55. | **Cóid chun críche idirbhirt**<br>CoP20 Doic. 55 | BC | Tacú leis an sainordú ach gan tacú leis an sainmhíniú atá beartaithe ar chód 'P'. | (-) |
| 56. | **Córais leictreonacha** agus teicneolaíochtaí faisnéise agus fíordheimhniú agus rialú ceadanna | | | |

PUBLIC

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| | 56.1 | Tuarascáil ón mBuanchoiste<br>COP20 Doic. 56.1 | BC | Tacú leis na dréachtchinntí agus le scriosadh na gcinntí a cuireadh chun feidhme.<br>Mar sin féin, ní mór na cinntí a chomhordú leis na leasuithe a mholtar i nDoic. 56.2.<br>Tacú leis an moladh ó Rúnaíocht CITES mír 3 (d) i Rún Comhdhála 12.3 (Ath CoP19) maidir le Ceadanna agus Deimhnithe trí thagairt a chur leis na Treoirlínte maidir le húsáid barrachód déthoiseach (2D) ar cheadanna/deimhnithe CITES. | (+) |
| | 56.2 | Samhail de mhol chun ceadanna CITES a mhalartú<br>CoP20 Doic. 56.2 | Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, an Eilvéis | Tacú leis na leasuithe a rinneadh ar na cinntí, lena n-áirítear athruithe eagarthóireachta mar a mhol Rúnaíocht CITES. A áirithiú go gcuirtear san áireamh sa mheasúnú ar | + |

PUBLIC

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | | indéantacht agus ar roghanna a úsáideann múnla moil na moil réigiúnacha atá ann cheana nó na moil sin a bheidh ann sula bhféadfadh mol domhanda CITES a bheith i bhfeidhm. | |

PUBLIC

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| 57. | Athbhreithniú ar **Rún Comhdhála 8.13** (Ath. COP17) ar *Úsáid ionchlannán micrishliseanna códaithe chun ainmhithe beo a mharcáil i dtrádáil*<br>CoP20 Doic. 57 | BC | Tacú leis na dréachtchinntí lena n-áirítear 'faoi réir acmhainní seachtracha' a chur isteach arna moladh ag an Rúnaíocht. | + |
| 58. | Measúnú agus anailís riosca maidir le **rialú teorann** maidir le speicis atá liostaithe ag CITES<br>CoP20 Doic. 58 | BC | Tacú le glacadh na treorach; mura nglacfar í, tacú le Cinntí 19.153-19.155 a athnuachan chun gur féidir bailchríoch a chur. | + |

PUBLIC

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| 59. | **Stoic agus stoc-chairn**<br>CoP20 Doic. 59 | BC | Tacú leis na leasuithe ar na Rúin.<br>Gan tacú leis an dréacht-shainmhíniú ar 'stoc-chairn' ach amháin má bhaintear an tagairt 'stóráilte go dlíthiúil' agus má chuirtear isteach an frása '...á gcoinneáil ag músaeim, institiúidí eolaíochta...'. Gan tacú ach le cuid amháin den athrú ar an sainmhíniú a mhol an Rúnaíocht. Tá sonraíocht na n-oibleagáidí ar leith maidir le stoc-chairn atá i seilbh an rialtais inghlactha. Níor cheart an mhír bhreise 'agus i gcás ina sonraítear i Rún nó i gCinneadh, arna shealbhú go príobháideach' [stoc-chairn] a ghlacadh. | (+) |

PUBLIC

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| 60. | Eiseamail bheo a **iompar**:<br>CoP20 Doic. 60 | BC | Tacú le scriosadh na gcinntí 19.158 agus 19.159 a cuireadh chun feidhme. Coinnítear seasamh oscailte maidir le dréachtchinneadh 20.AA. | 0 |
| 61. | Gluaiseacht **mhear** samplaí diagnóiseacha fiadhúlra agus uirlisí ceoil<br>CoP20 Doic. 61 | BC | Tacú leis an dréachtchinneadh atá beartaithe ach a áirithiú go mbeidh a gcur chun feidhme ag brath ar acmhainní a bheith ar fáil. Tacú le scriosadh Chinneadh 19.160. | (+) |
| 62. | Eiseamail a tháirgtear trí bhíthin na **bith-theicneolaíochta**<br>CoP20 Doic. 62 | BC | Tacú le hathnuachan Chinntí 19.161 go 19.163. | + |
| 63. | Sainmhíniú ar an téarma '**cinn scríbe iomchuí agus inghlactha**'<br>CoP20 Doic. 63 | BC i gcomhairle le Cathaoirleach CA | Tacú le hathnuachan Chinntí 19.164 go 19.166. | + |

PUBLIC

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| 64. | **Eiseamail choigistithe a dhiúscairt** | | | | |
| | 64.1 | Tuarascáil ón **mBuanchoiste**<br>COP20 Doic. 64.1 | BC | Tacú leis na leasuithe ar Rún Comhdhála 17.8 agus leis na cinntí a choinneáil ar bun agus le scriosadh na gcinntí a cuireadh chun feidhme. | + |
| | 64.2 | Athbhreithniú ar **Rún Comhdhála 17.8** (Ath. COP19)<br>CoP20 Doic. 64.2 | An Chéinia | Gan tacú leis an togra mar atá sé faoi láthair. Is gá anailís agus plé cúramach a dhéanamh ar an togra maidir le téarmaíocht agus aistriú ainmhithe chuig institiúidí taighde araon, agus ní dócha go mbeidh sé sin indéanta ag CoP20. | (-) |
| | 64.3 | Clár deonach de shaoráidí socrúcháin le haghaidh eiseamail bheo choigistithe<br>CoP20 Doic. 64.3 | An Nigéir agus Stáit Aontaithe Mheiriceá | Gan tacú leis an togra toisc go bhfuil iarmhairtí diúltacha aige maidir le caomhnú agus forfheidhmiú speiceas. | - |

PUBLIC

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| 65. | **Córas lipéadaithe le haghaidh trádáil i gcaibheár** CoP20 Doic. 65 | | BC | Tacú le scriosadh na gcinntí a cuireadh chun feidhme. | + |
| 66. | **Trádáil i gcoiréalaigh chlochacha** | | | | |
| | 66.1 | Tuarascáil ón **mBuanchoiste** CoP20 Doic. 66.1 | BC | Tacú leis na leasuithe ar Rún Comhdhála 11.10 agus ar Rún Comhdhála 9.6. Rannpháirtíocht CA a mholadh maidir le Cinneadh 19.178 atá dírithe ar BC. A mholadh gur cheart machnamh a dhéanamh ag CoP20 ar aonad tuairiscithe breise a chur san áireamh chun an líon coiréalach beo aonair a ghabháil, ach freisin chun méid na gcoiréalach beo aonair a ghabháil. | (+) |

PUBLIC

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| | 66.2 | **Trádáil i gcoiréalaigh chlochacha a táirgeadh go héighnéasach**<br>CoP20 Doic. 66.2 | An Astráil | Tacú leis na leasuithe ar Rún Comhdhála 11.10 (Ath. COP15), lena n-áirítear sainmhínithe nua ar choiréalach a táirgeadh go héighnéasach a rugadh agus a tógadh i mbraighdeanas. | + |
| **Díolúintí agus forálacha speisialta maidir leis an trádáil** | | | | | |
| 67. | **Athbhreithniú ar fhorálacha CITES a bhaineann le trádáil in eiseamail ainmhithe agus plandaí nach den fhiadhúlra iad** | | | | |
| | 67.1 | Tuarascáil ón mBuanchoiste<br>CoP20 Doic. 67.1 | BC | Tacú leis na dréachtchinntí agus le scriosadh na gcinntí a cuireadh chun feidhme. | + |
| | 67.2 | Breithnithe agus moltaí maidir le speicis uisceacha a thógáil<br>COP 20 Doic. 67.2 | Meicsiceo, Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann agus Stáit Aontaithe Mheiriceá | Tacú leis na dréachtchinntí. Mar sin féin, ba cheart raon feidhme na hoibre ar an tsaincheist sin a leathnú thar speicis uisceacha. | (+) |

PUBLIC

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| 68. | Athbhreithniú ar **Rún Comhdhála 12.10** (Ath. CoP15) *maidir le Clárú oibríochtaí lena ndéantar speicis ainmhithe i bhFoscríbhinn I a phórú i mbraighdeanas chun críoch tráchtála*<br>CoP20 Doic. 68 | BC | Tacú leis na leasuithe ar Rún Comhdhála 12.10 agus roinnt leasuithe á moladh ar mhaithe le soiléireacht agus chun léiriú níos fearr a thabhairt ar thorthaí an phlé a rinneadh ag BC agus ag CA. Tacú le scriosadh an chinnidh a cuireadh chun feidhme. | (+) |
| 69. | Treoir maidir leis an téarma '**arna n-iomadú go saorga**'<br>CoP20 Doic.69 | CP | Tacú le glacadh na gcinntí agus le scriosadh na gcinntí a cuireadh chun feidhme. | + |
| 70. | **Deimhnithe fíteashláintíochta** a úsáid mar dheimhnithe iomadaithe saorga<br>CoP20 Doic. 70 | Cathaoirleach BC i gcomhairle le Cathaoirleach CP agus leis an Rúnaíocht. | Gan tacú leis ós rud é go bhfuil an fhaisnéis cothrom le dáta, agus nach bhfuil aon údar le tuilleadh scrúdaithe a dhéanamh ar an ábhar. | - |

PUBLIC

| **Caomhnú agus trádáil speiceas** | | | | |
|---|---|---|---|---|
| 71. | **Measúnú ar speicis atá liostaithe i bhFoscríbhinn I**<br>CoP20 Doic. 71 | CA, CP | Tacú le scriosadh na gcinntí a cuireadh chun feidhme. | + |
| 72. | **Faisnéis a shainaithint maidir le speicis atá i mbaol a ndíothaithe a ndéanann an trádáil idirnáisiúnta difear dóibh**<br>CoP20 Doic. 72 | BC | Tacú leis na cinntí agus le scriosadh na gcinntí a cuireadh chun feidhme. | + |

PUBLIC

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| 73. | **Trádáil i speicis eindéimeacha**<br>CoP20 Doic. 73 | An Bhrasaíl agus Eacuadór | Gan tacú le dréachtchinntí 20.AA, 20.BB agus 20.CC arna moladh ag moltóirí. Má tá tacaíocht ghinearálta don staidéar i measc na bPáirtithe, d’fhéadfaí tacú le dréachtchinntí 20.BB agus 20.CC, arna n-athdhréachtú ag an Rúnaíocht (a athuimhrítear go 20.AA agus 20.BB faoi seach), ar choinníoll go ndéanfar iad a leasú a thuilleadh. Go háirithe, ba cheart do na leasuithe díriú ar raon feidhme an staidéir a chúngú chuig tionchar iarbhír na trádála ar speicis eindéimeacha agus a áirithiú go scrúdófar sa staidéar an t-éileamh agus an soláthar araon, lena n-áirítear cleachtais atá i bhfeidhm sna tíortha tionscnaimh. | (-) |

PUBLIC

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | | | Ina theannta sin, ba cheart dúbláil le próisis eile, go háirithe maidir le cinneadh fála dlíthiúla (LAF) (mar atá i nDoiciméad 49), a sheachaint. | |
| **Fána** | | | | |
| 74. | **Bultúir Iar-Afracacha** (*Accipitridae spp.*)<br>CoP20 Doic. 74 | BC | Tacú leis na cinntí athbhreithnithe. | + |
| 75. | **Amfaibiaigh** (*Amphibia spp.*) **a chaomhnú**<br>CoP20 Doic. 75 | CA i gcomhairle le Cathaoirleach BC | Tacú leis na cinntí, agus Cinneadh 20.BB (b) (tábla na bhfachtóirí coinbhéartachta a fhorbairt) a eisiamh, b'fhéidir, mar chinneadh nach bhfuil fíor-riachtanach. | (+) |

PUBLIC

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| 76. | **Eilifintí** (*Elephantidae spp.*) | | | | |
| | 76.1 | Cur chun feidhme Rún Comhdhála 10.10 (Ath. COP19) maidir le *Trádáil in eiseamail eilifinte* CoP20 Doic. 76.1 | BC | Tacú go ginearálta le formhór na moltaí sa doiciméad. A áirithiú, áfach, go ndéanfar ETIS a mhaoiniú go comhsheasmhach agus nach scriostar moladh 19.36 agus trí inbhuanaitheacht airgeadais agus oibríochtúil MIKE agus ETIS a chur san áireamh mar a fhoráiltear i Rún 10.10. | (+) |

PUBLIC

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| | 76.2 | Gnéithe de Rún Comhdhála 10.10 (Ath. CoP19). maidir le dúnadh **margaí intíre eabhair** a chur chun feidhme CoP20 Doic. 76.2 | An Aetóip, Buircíne Fasó, an Nígir agus an tSeineagáil | Gan tacú leis na moltaí. Tá nósanna imeachta iomchuí i bhfeidhm cheana féin chun Páirtithe a shainaithint a ndéanann trádáil neamhdhleathach eabhair difear dóibh.<br>Ina theannta sin, níl gá le dréachtchinneadh athbhreithnithe 18.118 atá beartaithe toisc go bhfuil sonraí ETIS le fáil ar líne agus go bhfuil rochtain ag na Páirtithe ar na comhiomláin cheana féin.<br>Lena chois sin, is cosúil nach gcuirtear san áireamh sna cinntí a dhírítear chuig na Páirtithe ach na Páirtithe a d'fhreagair an Fógra ábhartha.<br>An seasamh atá le breithniú i ndáil le doiciméid oibre 44 agus 76.1. | - |

PUBLIC

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| | 76.3 | **Stoic eabhair agus stoc-chairn eabhair**<br>CoP20 Doic. 76.3 | An Aetóip, Buircíne Fasó, an Chéinia, an Nigéir, an Nígir, agus an tSeineagáil | Tacú leis na leasuithe ar Rún Comhdhála 10.10 chun comhsheasmhacht a áirithiú leis na cinntí atá le glacadh faoi phointe 76.1 ar an gclár oibre.<br>Cinntí 18.184-18.185 agus 19.156 a scriosadh toisc gur gá ualach oibre na Rúnaíochta agus na próisis agus an treoir maidir leis an Tuarascáil Bhliantúil ar an Trádáil Neamhdhleathach agus ETIS a chur san áireamh. | (-) |
| | 76.4 | Tuarascáil ar an bhFaireachán ar Mharú Neamhdhleathach Eilifintí (**MIKE**)<br>CoP20 Doic. 76.4 | An Rúnaíocht | *Níl gá le haon chinneadh* | |

PUBLIC

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| | 76.5 | Tuarascáil ar an gCóras Faisnéise um Thrádáil Eilifintí (**ETIS**) CoP20 Doic. 76.5 | | Tacú leis na moltaí. Mar sin féin, déan cinnte de go leanfar leis an anailís ar líonra ETIS. 20.AA le scrios ós rud é go bhfuiltear ag tabhairt aghaidh cheana féin ar an malartú idir an Tuarascáil Bhliantúil maidir le Trádáil Neamhdhleathach agus ETIS. | (+) |
| | 76.6 | Torthaí an **chruinnithe idirphlé maidir le heilifintí na hAfraice** CoP20 Doic. 76.6 | BC | Tacú le scriosadh Chinntí 19.167 agus 19.168 agus fáilte a chur roimh thoradh an Chruinnithe Idirphlé. Tacú leis na cinntí agus atá comhaontaithe ag formhór na Stát raoin. A áirithiú go ndéanfar na cinntí maidir le pointí 44, 76.6 agus 76.7 ar an gclár oibre a ailíniú. | (+) |

PUBLIC

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| | 76.7 | **Maoiniú inbhuanaithe** do chaomhnú agus do bhainistiú eilifintí na hAfraice CoP20 Doic. 76.7 | An tSiombáib | Tacú leis an togra má thacaíonn formhór na Stát raoin leis. A áirithiú go n-ailínítear an seasamh leis an seasamh i bpointe 76.6 ar an gclár oibre. | (+) |
| 77. | **Cait mhóra na hÁise** (*Felidae spp.*) | | | | |
| | 77.1 | **Cur chun feidhme Rún Comhdhála 12.5** (Ath. CoP19) *maidir le caomhnú tíogar agus trádáil i dtíogair mar aon le speicis eile de chait mhóra na hÁise atá faoi Fhoscríbhinn I* CoP20 Doic. 77.1 | An Rúnaíocht | Tacú le scriosadh na gcinntí a cuireadh chun feidhme nó atá á n-ionchorprú i ndoiciméad toraidh Thascfhórsa CITES um Chait Mhóra agus i Rún Comhdhála 12.5 (Ath. CoP 19). | + |

PUBLIC

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| | 77.2 | Cait mhóra na hÁise **i mbraighdeanas**<br>CoP20 Doic. 77. 2 | BC | Tacú go ginearálta leis na dréachtchinntí agus le scriosadh na gcinntí a cuireadh chun feidhme. Cur i gcoinne an mholta ó Rúnaíocht CITES cinneadh 14.69 a scriosadh.<br>Leasuithe ar Chinneadh 20.AA a mholadh ionas nach n-eisiafar oibríochtaí pórúcháin níos lú roimh ré, agus 'cláir' a chur leis chun na gníomhaíochtaí pórúcháin caomhnaithe a shonrú ar bhealach níos fearr in 20.AA (a) agus go n-áireofar tagairt do 'scrios conablach' ag deireadh mhír 20.AA (f). Moladh a dhéanamh ar thagairt a chur isteach don chinneadh nua atá beartaithe maidir le trádáil neamhdhleathach i gcait mhóra (20.AA faoi | (+) |

PUBLIC

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | | CoP20 Doic. 41) chun doiciméad deiridh Thascfhórsa CITES um Chait Mhóra a chur chun feidhme ina iomláine. | |
| 78. | Ápaí móra (*Hominidae spp.*) | | | | |
| | 78.1 | Tuarascáil ón **mBuanchoiste** CoP20 Doic. 78.1 | BC | *Níl gá le haon chinneadh* | |
| | 78.2 | Caomhnú ápaí móra beo agus **trádáil in ápaí móra beo** CoP20 Doic. 78.2 | Uganda | Tacú leis na cinntí. | + |
| 79. | **Pangailiní** (*Manis spp.*) | | | | |
| | 79.1 | Cur chun feidhme Rún Comhdhála 17.10 (Ath. COP19) maidir le *Caomhnú pangailiní agus trádáil i bpangailiní* CoP20 Doic. 79.1 | | Tacú le moladh (a) agus (c) ach féachaint an teanga i ndréachtchinntí i moladh (b) a neartú agus an gá atá le moltaí intomhaiste faoi cheangal ama a fhorbairt atá dírithe ar Pháirtithe sonracha e.g. i meitheal le linn seisiúin. | (+) |

PUBLIC

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| | 79.2 | Tuarascáil ar Chinntí 18.238, 18.239 & 19.200 go 19.204<br>CoP20 Doic. 79.2 | BC i gcomhairle le Cathaoirleach CA agus leis an Rúnaíocht | Tacú le glacadh na gcinntí agus le scriosadh na gcinntí a cuireadh chun feidhme. | + |
| 80. | **Leoin Afracacha** (*Panthera leo*)<br>COP20 Doic. 80 | | BC i gcomhairle le Cathaoirleach CA | Tacú leis na cinntí athbhreithnithe; mar sin féin, leasuithe a mholadh ar chinntí ábhartha chun aghaidh a thabhairt ar an tsaincheist maidir le sonraí an phobail atá as dáta nó bearnaí sonraí san ábhar sin. | (+) |
| 81. | **Iaguair** (Panthera onca)<br>CoP20 Doic. 81 | | | Doiciméad tacaíochta le mionleasuithe. | (+) |
| 82. | Treoir maidir le **torthaí neamhdhíobhála le haghaidh trádáil** i dtrófaithe seilge **liopard** (*Panthera pardus*)<br>CoP20 Doic. 82 | | CA | Tacú leis na cinntí athbhreithnithe; mar sin féin, tá gá le tuilleadh measúnaithe. Foclaíocht bhreise a mholadh chun tacú le comhroinnt faisnéise le tíortha allmhairiúcháin. | (+) |

PUBLIC

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| 83. | **Trádáil** agus bainistiú caomhnúcháin **na n-éan ceoil** (*Passeriformes spp*.) CoP20 Doic. 83 | BC i gcomhairle le Cathaoirleach CA | Tacú le scriosadh na gcinntí a cuireadh chun feidhme. Cinntí nua a mholadh chun a áirithiú go ndéanfar obair leantach ar thorthaí na ceardlainne. | (+) |
| 84. | **Srónbheannaigh** (*Rhinocerotidae spp*.) CoP20 Doic. 84 | | Tacú le moltaí chun Cinneadh 18.116 a choinneáil. Tacú le glacadh na ndréachtchinntí maidir le srónbheannaigh. Tacú le scriosadh Chinntí 19.115 go 19.122. | + |

PUBLIC

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| 85. | **Antalóp saigeach** (*Saiga spp.*) | | | | |
| | 85.1 | Tuarascáil ón **Rúnaíocht** CoP20 Doic. 85.1 | An Rúnaíocht | Tacú leis na cinntí. A mholadh go n-iarrfaí ar Stáit raoin agus ar Pháirtithe allmhairiúcháin faisnéis a chur ar fáil maidir leis an líon stoc-charn, méid na stoc-charn, agus bunáitíocht na n-eiseamal saiga atá i stoc-chairn. Ag brath ar ghlacadh thogra liostaithe 3, moltar Cinntí breise chun go bhféadfar measúnú a dhéanamh ar thionchair na trádála ar phobal saiga agus ar na bearta rialaithe atá i bhfeidhm. | (+) |

PUBLIC

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| | 85.2 | Doiciméid ón gCasacstáin agus ó Chónaidhm na Rúise<br>CoP20 Doic. 85.2 | An Chasacstáin agus Cónaidhm na Rúise | Tacú leis an doiciméad. Mar sin féin, soiléiriú a lorg ón Rúnaíocht an mbeadh ualach oibre breise ar an Rúnaíocht mar thoradh ar an togra. | (+) |
| **Speicis uisceacha** | | | | | |
| 86. | **Speicis uisceacha** atá liostaithe i bhFoscríbhinní CITES<br>CoP20 Doic. 86 | | BC | Tacú le scriosadh na gcinntí a cuireadh chun feidhme. | + |
| 87. | **Eascanna** (*Anguilla spp.*)<br>CoP20 Doic. 87 | | BC | Tacú le téacs an rúin, agus an tráth céanna féachaint na féidearthachtaí lena neartú a thuilleadh, go háirithe maidir leis na bearta forfheidhmiúcháin. Mar sin féin, ní féidir tacú le cinneadh 20DD (b) '*scrúdú a dhéanamh ar roghanna lena n-éascaítear eascanna Eorpacha a thógtar sa dobharshaothrú agus eascanna fiáine Eorpacha i sonraí trádála CITES a aithint óna chéile*'. | (+) |

PUBLIC

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| 88. | **Siorcanna agus roic** (*Elasmobranchii spp.*) | | | | |
| | 88.1 | Tuarascáil ón **mBuanchoiste** CoP20 Doic. 88.1 | BC | Tacú leis na cinntí agus leis na leasuithe ar Rún Comhdhála 18.7. Tacú le scriosadh na gcinntí a cuireadh chun feidhme. | + |
| | 88.2 | Dréachtchinntí maidir le trádáil, caomhnú agus bainistiú **ealásmabrainciach domhainmhara** CoP20 Doic. 89.2 | AE, Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann | *Doiciméad a chuir an tAontas Eorpach isteach* | + |
| 89. | **Capaill mhara** (Hippocampus spp.) CoP20 Doic.89 | | BC i gcomhairle le Cathaoirleach CA | Tacú leis na dréachtchinntí agus le scriosadh na gcinntí a cuireadh chun feidhme. Mar sin féin, tá gá le tuilleadh measúnaithe a luaithe a bheidh an chostáil ar fáil. | (+) |
| 90. | Caomhnú súmairí cladaigh agus trádáil i **súmairí cladaigh** (*Holothuridae agus Stichopodidae*) CoP20 Doic. 90 | | Stáit Aontaithe Mheiriceá | Tacú leis na dréachtchinntí | + |

PUBLIC

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| 91. | **An sliogán banríona** (Strombus gigas)<br>CoP20 Doic. 91 | CA i gcomhairle le Cathaoirleach BC | Tacú le hathnuachan na gcinntí. | + |
| 92. | **Éisc mhuirí ornáide**<br>CoP20 Doic. 92 | CA | Tacú leis na dréachtchinntí agus le scriosadh na gcinntí a cuireadh chun feidhme. | + |
| **Flóra** | | | | |
| 93. | **Tacsóin a tháirgeann agar-adhmad** (*Aquilaria spp*. agus *Gyrinops spp*.)<br>CoP20 Doic. 93 | BC | Tacú leis na leasuithe ar Rún Comhdhála 16.10 agus le scriosadh na gcinntí ábhartha a cuireadh chun feidhme. | + |

PUBLIC

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| 94. | **Crainn Boswellia** (*Boswellia* spp.)<br>CoP20 Doic. 94 | An Coiste um Plandaí (CP) | Tacú leis na dréachtchinntí agus le scriosadh na gcinntí a cuireadh chun feidhme.<br>Gan tacú le leasuithe cumaiscthe na Rúnaíochta ar dhréachtchinneadh 20.WW agus 20.XX chun an dréachtchinneadh seo a dhíriú chuig cruinniú de chuid Stáit Raoin Boswellia spp.<br>Na dréachtchinntí mar atá siad nach bhfuil leasuithe na Rúnaíochta iontu, is iad an comhdhearcadh mionsonraithe ón bplé a rinneadh laistigh de mheitheal Boswellia agus seisiún iomlánach an Choiste um Plandaí, rud a d'fhág nárbh iad na Stáit Raoin amháin a bhí i láthair ag an gcruinniú. | (+) |

PUBLIC

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| 95. | **Speicis crann rósadhmaid** [*Leguminosae* (*Fabaceae*)] CoP20 Doic. 95 | CP i gcomhairle le Cathaoirleach an Bhuanchoiste | Tacú leis na dréachtchinntí agus le scriosadh na gcinntí a cuireadh chun feidhme. | + |
| 96. | **Táirgí ina bhfuil eiseamail de mhagairlíní de chuid Fhoscríbhinn-II** (*Orchidaceae spp.*) CoP20 Doic. 96 | BC | Molta go scriosfaí dréachtchinntí 20.BB (a) agus (b), 20.CC (a) agus 20DD (a). Tacú le scriosadh na gCinntí a cuireadh chun feidhme. | (+) |
| 97. | **Crann Brasaíladhmaid** (*Paubrasilia echinata*) CoP20 Doic. 97 | An Rúnaíocht i gcomhairle le Cathaoirleach BC | Tacú le glacadh na gcinntí agus le scriosadh na gcinntí a cuireadh chun feidhme. D'fhéadfadh sé gur ghá an téacs a oiriúnú ag brath ar an gcinneadh ó Chomhdháil na bPáirtithe maidir le togra 46 a liostú. | (+) |

PUBLIC

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| 98. | **Speicis crann Afracacha**<br>CoP20 Doic. 98 | CP | Tacú le scriosadh na gcinntí a cuireadh chun feidhme. | + |
